Comhairle na Gaelscolaíochta

# PACÁISTE EOLAIS AR CHEAPADH

# IONADAITHE DON BHORD

# COMHAIRLE NA GAELSCOLAÍOCHTA



**Tuilleadh eolais:**

Maria Thomasson
Príomhfheidhmeannach agus Rúnaí Boird
Ríomhphost: mariathomasson@comhairle.org
Teileafón: 028 90321475

Comhairle
na Gaelscolaíochta

**Fáilte agus Réamhrá ón Chathaoirleach**

Go raibh maith agat as an suim a léiriú lena bheith i do bhall de Bhord Chomhairle na Gaelscolaíochta (nó CnaG). Chomh maith le dhá fholúntas ginearálta ar an Bhord, tá muid ag lorg ionadaí ó gach ceann de na páirtithe leasmhara seo a leanas:

- Ionadaí tuismitheora
- Earnáil na nIar-bhunscoileanna
- Gobharnóir Scoile

Tá seirbhís den scoth tugtha ag ár n-ionadaithe reatha ar bhonn deonach, le hocht mbliana anuas agus tá a bpoist ar an Bhord á n-earcú ionas go mbeidh trí ionadaí againn sa phost laistigh den 12 mhí amach romhainn.

Tá an t-eolas sa doiciméad seo deartha chun ligean duit tuiscint a fháil ar ról an Bhoird agus ar na cineálacha scileanna a theastaíonn uainn chun cur le scileanna agus taithí reatha an Bhoird.

Thig leis an eispéireas seo a bheith i do Bhall Boird de CnaG a bheith ina eispéireas an-shásúil agus an-tairbheach ar roinnt cúiseanna:

- Dul i dtaithí ar an ionchas straitéiseach agus rialachas corparáideach d'eagraíocht atá réasúnta beag ach tábhachtach.
- Deis chun tacú le beartas oideachais a mhúnlú agus le forbairt ar earnáil atá ag fás.
- Cuidiú le tionchar a imirt ar shaol daoine agus ar a ndeiseanna saoil.
- Cur le seirbhís thábhachtach phoiblí agus phobail.

Is mar gheall ar na cúiseanna seo, a mholfainn duit do spéis a léiriú a bheith i d'ainmní ionadaíoch do cheann de na grúpaí thuas.

Tá sé de pléisiúir orm plé a dhéanamh ar an spéis atá agat a bheith i do Bhall Boird de Chomhairle na Gaelscolaíochta. Ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh liom trí scéal a chur chuig Becky Nic Ainmhire ar Ríomhphost: Oifig@comhairle.org nó glaoigh ar: 028 9089 7316.

Is féidir aon iarratais, nó ceisteanna ginearálta faoin phróiseas ainmniúcháin/ceapacháin, a dhéanamh le Maria Thomasson, Rúnaí an Bhoird, atá ina Príomhfheidhmeannach ar CnaG fosta. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Maria ar Ríomhphost: mariathomasson@comhairle.org nó teileafón: 028 90321475.

Go raibh maith agat agus dea-ghuí

S. Ó Coinne

Seosamh Ó Coinne
Cathaoirleach

Comhairle na Gaelscolaíochta

**CnaG agus ról an Bhoird**

Tá níos mó na 90 scoil ag cur oideachas lán-Ghaeilge ar fáil do bheagnach 7,500 dalta ag leibhéal na réamhscolaíochta, na bunscoile agus na hiarbhunscoile faoi láthair agus tá CnaG ag iarraidh cur leis an rath atá orthu go dtí seo. Is í an fhís fhadtéarmach atá againn do CnaG ná líonra seanbhunaithe de scoileanna bríomhara lán-Ghaeilge a fheiceáil i gcroílár na bpobal áitiúil.

Leis an fhís seo a bhaint amach, díríonn muid ár ngníomhaíochtaí ar ár bpríomhchuspóir chun rochtain ar oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán a chinntiú dóibh siúd de chúlra nó d'aon chumas ar mian leo é chun cuidiú le pobail labhartha Gaeilge a fhorbairt. Tugann an scóip seo na daltaí sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a dteaghlaigh san áireamh.

Is é Bord CnaG an foras a dhéanann ionadaíocht ar an ghaelscolaíocht in Éirinn ó thuaidh. Leis an Chathaoirleach san áireamh, tá 14 baill ar an Bhord ar a bhfuil ionadaithe ón earnáil reachtúil (8), ón earnáil dheonach (1) chomh maith le hainmniúcháin ó ghrúpaí páirtithe leasmhara (5). Áirítear leis seo ionadaithe scoile ag leibhéal na naíscoile, na bunscoile agus na meánscoile chomh maith le hionadaithe ó thuismitheoirí agus ó ghobharnóirí scoile.



Bunaithe mar chuideachta theoranta, carthanacht cláraithe agus comhlacht poiblí, feidhmíonn an Bord mar bhord rialaithe CnaG agus caithfear cloí leis na riachtanais dhlíthiúla, leasa phoiblí agus freagrachta chuí chun feidhmiú ag an chaighdeán rialachais chorparáidigh is airde.

Tá freagracht chorparáideach ar an Bhord as a chinntiú go gcomhlíonann CnaG a chuid aidhmeanna agus cuspóirí. Chuige sin, agus chun a fhreagrachtaí corparáideacha níos leithne a bhaint amach, tá an Bord freagrach as na nithe seo a leanas:

- An treo straitéiseach foriomlán a bhunú.
- Maoirseacht a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht chun tacú lenár dtorthaí beartaithe a bhaint amach.
- Eispéiris agus léargas neamhspleách a thabhairt chun cinn le ceisteanna a ardú leis an fhoireann feidhmiúcháin maidir le pleanáil, aontú spriocanna agus seachadadh seirbhísí.
- An caighdeán is airde bainistíochta airgeadais a chur chun cinn ag cinntiú go gcomhlíontar gach riachtanas maidir le húsáid chuí cistí poiblí.
- A chinntiú go bhfaigheann agus go n-athbhreithníonn an Bord ar fhaisnéis airgeadais go rialta.
- A bheith curtha ar an eolas go tráthúil faoi aon rioscaí nó imní faoi ghníomhaíochtaí CnaG a thugann dearbhuithe don Roinn (agus do pháirtithe leasmhara eile de réir mar is gá) go ndearnadh gníomh cuí maidir le hábhair imní ar bith.
- Ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a léiriú i gcónaí, lena n-áirítear an coiste iniúchóireachta neamhspleách a úsáid chun cuidiú le haon rioscaí atá os comhair

CnaG a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu chomh maith le cuidiú le luachanna seirbhíse poiblí ginearálta a chur i bhfeidhm (Mar shampla, na Prionsabail 'Nolan' a leagann síos caighdeán an tsaoil poiblí).

Chomh maith le sin, ba cheart do Bhaill Boird CnaG tabhairt faoin mhéid seo a leanas go háirithe:

- Cur le forbairt na straitéise
- Dul i ngleic le agus obair i dtreo aontú ar phróisis chinnteoireachta an bhoird
- Gníomhú le meon macánta agus ar mhaithe le leas CnaG, ag bainistiú go héifeachtach aon leasanna contrártha a dtiocfá teacht chun cinn.
- Tabhairt faoi ionduchtú agus oiliúint bhreise, agus an t-am atá de dhíth a chur ar leath thaobh ar mhaithe leis an ról a chomhlíonadh;
- An Cód Iompair do bhaill boird a chomhlíonadh i gcónaí agus cloí le Seacht bPrionsabal an tSaoil Phoiblí, atá leagtha síos ag an Choiste um Chaighdeáin sa Saol Poiblí;
- Gan mí-úsáid a bhaint as an t-eolas a fhaightear le linn a seirbhíse poiblí ar mhaithe le dul chun cinn pearsanta nó le haghaidh brabúis pholaitiúil.



**Sonraíocht phearsanta - scileanna, eolas agus taithí**

Ba cheart go mbeadh na scileanna, an t-eolas agus an taithí cuí ag na Baill Boird chun feidhmiú go héifeachtach mar bhall boird do fhoras poiblí. Is féidir na haistriúcháin do na cruinnithe agus cáipéisí a chur ar fáil d'aon Ball Boird nach bhfuil Gaeilge acu más gá. Níl sé riachtanach ach inmhianaithe go mbeadh na scileanna agus na heispéiris seo a leanas ag iarrthóirí agus ionadaithe ar an Bhord (is féidir leis an taithí seo teacht óna saol oibre nó óna saol pearsanta chomh maith le aon obair dheonach nó phobail):

- Taithí ar shuí ar chomhlacht rialaithe.
- scileanna Gaeilge.
- taithí in earnáil na Gaelscolaíochta.

Bheadh fáilte ar leith roimh iarrthóirí agus roimh ainmnithe a bhfuil taithí acu ar cheann amháin díobh seo a leanas:

- Scileanna gnó.
- Taithí dlí nó rúnaí cuideachta.
- Scileanna margaíochta/PR/cumarsáide agus stocaireachta.
- Taithí TF nó bainistíochta sonraí/slándála.
- Scileanna airgeadais, go háirithe cuntasaíocht ghairmiúil.

Baineann na Seacht bPrionsabal an tSaoil Phoiblí (atá leagtha amach thíos) le duine ar bith a bhfuil ról acu in oifig phoiblí, mar sin, ní mór d'iarrthóirí agus d'ainmnithe a dtiomantas a léiriú go seasann siad leo chomh maith leis an dóigh a thacódh siad le luachanna CnaG a daingniú.



Comhairle
na Gaelscolaíochta

**Téarmaí ceapacháin**

Tá gach Ball Boird CnaG deonach agus neamh-mhaoinithe ach aisíoctar costais réasúnta as póca.

Is ionann an gealltanas ama atá de dhíth agus ullmhú agus freastal ar cheithre chruinniú Boird agus ceithre chruinniú coiste in aghaidh na bliana chomh maith le aon imeachtaí fhorbairt straitéise, searmanais nó ambasadóirí eile.

Mairfidh an ceapachán ar feadh tréimhse ceithre bliana ar dtús le féidearthacht síneadh ceithre bliana eile a chur leis ar athbhreithniú an Chathaoirligh ar éifeachtacht na ranníocaíochta ón Bhall Boird.

Cuirfear oiliúint ionduchtúcháin ar fáil agus táthar ag súil go mbeidh na baill boird úr-cheaptha i láthair. Breithneofar ar na riachtanais oiliúna eile freisin, mar shampla iad siúd a shainaithnítear san athbhreithniú bliantúil.

I gcás míchumais, déanfaidh CnaG gach iarracht cibé tacaíocht réasúnach ar féidir a chur ar fáil d'aon Bhall Bhord ina bhfuil sé de dhíth chun cuidiú leo a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

**Ár Luachanna agus Seacht bPrionsabal an tSaoil Phoiblí (Prionsabail 'Nolan')**

Tá ár gcuspóirí bunaithe ar roinnt prionsabal (aontaithe go cothrom gan a bheith in ord áirithe) a bhfuil meas againn orthu inár gcuid oibre, is iad sin:



- **Oideachas daoine óga** a chur chun tosaigh chun cuidiú leo a lánacmhainneacht a bhaint amach ag a leibhéal féin.
- Abhcóideacht ar son **comhionannas deiseanna** do dhaoine óga atá ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge.
- A bheith **cuimsitheach agus ag freastal ar gach cumas**, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- A bheith **oscailte do gach duine sa phobal** laistigh den dlínse ina n-oibrímid.
- Cuidiú le **pobail Ghaeilge a fhorbairt**.
- Cur le **cuspóirí straitéiseacha níos leithne** an Tionóil, na Roinne Oideachais, an Údaráis Oideachais agus na heagraíochtaí eile lena n-oibrímid.
- Bunchlocha láidre a chinntiú i **gceannaireacht agus i rialachas** a bhfuiltear ag súil leo ó chomhlacht poiblí.

Baineann Seacht bPrionsabal an tSaoil Phoiblí le duine ar bith a bhfuil ról acu in oifig phoiblí. Is seirbhísigh don phobal agus maoir acmhainní poiblí iad gach sealbhóir oifige poiblí. Tá feidhm ag na Prionsabail fosta maidir leis na hearnálacha eile a sholáthraíonn seirbhísí poiblí.

- **Neamhleithleachas** - Ba chóir do shealbhóirí oifige poiblí gníomhú ar mhaithe le leas an phobail amháin.
- **Ionracas** - Ní mór do shealbhóirí oifige poiblí gan iad féin a chur faoi aon oibleagáid ar dhaoine nó ar eagraíochtaí a d'fhéadfadh iarracht tionchar mífhóirsteanach a imirt orthu ina gcuid oibre. Níor cheart dóibh gníomhú nó cinntí a dhéanamh chun sochair airgeadais nó sochair ábhartha eile a fháil dóibh féin, dá dteaghlach nó dá gcairde. Ní mór dóibh aon leasanna agus caidrimh a dhearbhú agus a réiteach. Mínítear coimhlintí leasa thíos.



- **Oibiachtúlacht** - Ní mór do shealbhóirí oifige poiblí gníomhú agus cinntí a dhéanamh go neamhchlaonta, go cothrom agus ar fhiúntas, ag baint úsáide as an fhianaise is fearr agus gan idirdhealú ná claonadh.
- **Freagracht** - Tá sealbhóirí oifige poiblí freagrach don phobal as a gcinntí agus a ngníomhartha agus ní mór dóibh iad féin a chur faoi bhráid an ghrinnscrúdaithe is gá chun é sin a chinntiú.
- **Oscailteacht** - Ba cheart do shealbhóirí oifige poiblí gníomhú agus cinntí a dhéanamh ar bhealach oscailte agus trédhearcach. Níor cheart eolas a choinneáil siar ón phobal muna bhfuil cúiseanna soiléire dleathacha ann leis sin a dhéanamh.
- **Macántacht** - Ba chóir go mbeadh sealbhóirí oifige poiblí fírinneach.
- **Ceannaireacht** - Ba chóir do shealbhóirí oifige poiblí na prionsabail seo a thaispeáint ina n-iompar féin. Ba cheart dóibh na prionsabail a chur chun cinn go gníomhach agus tacú leo go láidir agus a bheith sásta dul i ngleic le drochiompar cibé áit a dtarlaíonn sé.

**Coimhlintí leasa**

Caithfidh Baill Boird CnaG gníomhú ar mhaithe le CnaG i gcónaí agus aon coimhlintí leasa a bhainistiú de réir ár mbeartas agus ár nósanna imeachta.



Éilíonn oifig phoiblí na caighdeáin is airde cuibheas, lena mbaineann neamhchlaontacht, ionracas agus oibiachtúlacht, maidir le maoirseacht cistí poiblí agus maoirseacht agus bainistiú na ngníomhaíochtaí a bhaineann le seo ar fad. Ciallaíonn sé sin gur cheart aon leas príobháideach, deonach, carthanúil nó polaitiúil a d'fhéadfadh a bheith ábhartha agus ábhartha d'obair an bhaill a dhearbhú.

**Amchlár agus próiseas earcaíochta an Bhoird**

| Próiseas | Dáta beartaithe |
|---|---|
| Fógraí a scaipeadh | 9 Deireadh Fómhair 2024 go dtí an 29 Samhain 2024 |
| Dáta deiridh le haghaidh iarratas | 29 Mí na Samhna 2024 |
| Gearrliostú na hiarratais | Seachtain dár tús 2 Nollaig 2024 (lá / am le aontú) |
| Fógra faoi thorthaí | Seachtain dár tús 9 Nollaig 2024 |
| Agallaimh | Seachtain dár tús 6 Eanáir 2025 (lá / am le aontú) |
| Breithniú agus daingniú an Bhoird | Eanáir 2025 |
| Fógra faoi thorthaí | Eanáir 2025 |
| Litreacha ceapacháin a sheoladh ina ndeimhnítear dátaí tosaithe | Eanáir 2025 |

Pearsanra CnaG a bhfuil baint acu leis an phróiseas earcaíochta:

- Seosamh Ó Coinne, Cathaoirleach
- Cathaoirligh (nó ionadaithe) na gcoistí: Seirbhísí Corparáideacha; Iniúchta agus Bainistíocht Riosca; Agus Forbairt & Straitéis na Gaelscolaíochta
- Maria Thomasson, Rúnaí Boird & Príomhfheidhmeannach
- Stephen Mungavin, Comhairleoir don Bhord, *Chief Executives' Forum*